II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1880 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Deireadh Fómhair 2021

lena gceartaítear an leagan Polainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(6) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) ([2]), agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráidí sa leagan Polainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún ([3]) a dhéanann difear do raon feidhme na bhforálacha seo a leanas: in Airteagal 14(1), an chéad abairt, agus Airteagal 15(1), an chéad abairt, a mhéid a bhaineann leis an gcritéar chun measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht spriocanna feidhmíochta; in Airteagal 21(3) a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll maidir le limistéir muirearaithe críochfoirt a bhunú; in Airteagal 22(5), an tríú fomhír, an abairt tosaigh, a mhéid a bhaineann leis na limistéir muirearaithe a leagtar na costais arna leagan amach ina leith; in Airteagal 22(7), an dara habairt, a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid atá ar na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta na doiciméid chuntasaíochta ábhartha a scrúdú; in Iarscríbhinn I, Roinn 1, pointe 2.1(c), pointe 2.2(a)(iii) agus pointe 2.2(b)(iv), a mhéid a bhaineann leis na pointí iontrála nó fágála a úsáidtear chun táscairí a ríomh i gcás eitiltí a imíonn ó aerfort lasmuigh den aerspás Eorpach nó a shroicheann aerfort lasmuigh de; in Iarscríbhinn I, Roinn 1, pointe 3.1(b), a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar "am ríofa éirí de thalamh"; in Iarscríbhinn I, Roinn 2, pointe 1.2(d), a mhéid a bhaineann leis an aerspás, a ndéantar ráta na sáruithe ar íosfhad scartha a ríomh ina leith; in Iarscríbhinn I, Roinn 2, pointe 2.1(b) agus pointe 2.2(b)(iii), a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar an gcuid "faoi bhealach"; in Iarscríbhinn II, pointe 3.3(e), in Iarscríbhinn IV, pointe 2.1(d)(iii), in Iarscríbhinn VII, Tábla 1, pointe 3 agus pointe 3.4, in Iarscríbhinn VII, pointe 2.1(i), agus in Iarscríbhinn XI, pointe 1.2(f), a mhéid a bhaineann le costas an chaipitil a ríomh; in Iarscríbhinn IV, pointe 1.3, a mhéid a bhaineann leis na luachanna tagartha; in Iarscríbhinn VI, pointe 1.2(d) agus pointe 2.1(d), a mhéid a bhaineann le raon feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe; in Iarscríbhinn VI, pointe 2.1(a), an dara mír, a mhéid a bhaineann leis an gcineál sonraí a chumhdaítear leis an eisceacht; in Iarscríbhinn XIII, pointe 1.1(a), a mhéid a bhaineann leis an luach tagartha lena socraítear an luach maighdeogach; agus in Iarscríbhinn XIII, pointe 2.1(a), an chéad fhomhír, agus pointe 2.1(b), an chéad fhomhír, chomh maith, a mhéid a bhaineann leis an gcoinníoll chun an buntáiste airgeadais agus an míbhuntáiste airgeadais a ríomh.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Polainnise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

([1]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.
([2]) IO L 96, 31.3.2004, lch. 10.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/317 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2019 lena leagtar síos scéim feidhmíochta agus muirearaithe san aerspás Eorpach aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 390/2013 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 391/2013 (IO L 56, 25.2.2019, lch. 1).

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim Choiste an Aerspáis Aonair,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN